Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailiú agus a aistriú chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2018/1726, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle

(COM(2022) 729 final)

agus — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818

(COM(2022) 731 final)

(2023/C 228/13)

Rapóirtéir: **Tymoteusz Adam ZYCH**

Comhairliúchán	An Coimisiún Eorpach, 8.2.2023
Bunús dlí	Airteagal 77(2)(b) agus (d) agus Airteagal 79(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)
Rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	3.4.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	27.4.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	578
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	137/0/0

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is díol sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) na tograí ón gCoimisiún Eorpach maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) ([1]) mar is gá sonraí API agus sonraí PNR (Taifid Ainmneacha Paisinéirí) a bhailiú agus a aistriú go héifeachtach le haghaidh bainistiú teorann, an chomhraic i gcoinne na himirce neamhdhleathaí, agus cúrsaí slándála chomh maith, ar a n-áirítear an gá leis an sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach a chosc agus a chomhrac.

1.2. Tá CESE lánchinnte go mbeidh difríochtaí neamh-inmhianaithe i gcur chun feidhme an dá Threoir (API ([2]) & PNR ([3])) ar an leibhéal náisiúnta a fhad agus a bheidh sonraí API agus sonraí PNR mar ábhar na dTreoracha sin.

1.3. Ar mhaithe le cur chun feidhme an dá Threoir a chomhchuibhiú, agus le go mbaileofaí agus go n-aistreofaí sonraí API agus sonraí PNR ar bhonn níos éifeachtúla, tá gá leis na Rialacháin dá bhforáiltear sna tograí mar, ar a mbonn sin, ní bheidh aon difríochtaí ann a thuilleadh a mhéid a bhaineann le cleachtais éagsúla na mBallstát, beidh breis deimhneacht dhlíthiúil ann, cuirfear dlús le sreabhadh na bpaisinéirí, agus laghdófar na deacrachtaí riaracháin atá ag aeriompróirí.

([1]) Eadhon an dá thogra seo a leanas: (a) togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailiú agus a aistriú chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2018/1726, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle; agus (b) togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818.

([2]) Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (IO L 261, 6.8.2004, lch. 24).

([3]) Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132).

1.4. Tá CESE ag leagan béim ar a thábhachtaí atá Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) agus an dá thogra le haghaidh Rialacháin á gcur i bhfeidhm. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar chearta grúpaí leochaileacha, daoine faoi mhíchumas go háirithe.

1.5. Argóint thábhachtach ar son ghlacadh na dtograí sin is ea go bhfaightear locht ar an dá Threoir atá ann faoi láthair, i.e. Treoir API agus Treoir PNR, óir ní chomhlíontar na caighdeáin reatha maidir le cosaint sonraí iontu.

1.6. Feictear do CESE gur gá na costais a bhaineann le eu-LISA, a eascraíonn as dearadh, forbairt, óstáil agus bainistiú teicniúil an ródaire, a íoc as buiséad ginearálta an Aontais, mar aon leis na costais arna dtabhú ag na Ballstáit maidir lena naisc agus lena gcomhtháthú siúd leis an ródaire.

1.7. Mar sin féin, tá sé á thabhairt dá aire ag CESE go bhfuil athruithe suntasacha dlíthiúla i gceist leis an dá thogra le haghaidh Rialacháin, i dteannta modhnuithe forleathana ar an gcóras atá ann faoi láthair, ar córas dea-fheidhmiúil an córas sin ón taobh teicniúil de. Dá bhrí sin, is gá faireachán leanúnach críochnúil a dhéanamh ar chreat API agus creat PNR, faireachán a bheidh le déanamh ar leibhéal na mBallstát agus freisin ag an gCoimisiún, na haeriompróirí, na húdaráis inniúla, agus eu-LISA chomh maith, go háirithe a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta. Ar an gcúis sin, tá sé á chur chun suntais ag CESE gur gá go mór feachtas faisnéise a eagrú maidir leis an reachtaíocht nua, chomh maith le hoiliúint d'aeriompróirí. Is inmholta freisin iniúchtaí a dhéanamh ar bhonn níos minice, chomh maith le breithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta breise a bhunú i ndáil le faireachán ar fheidhmiú na gcreataí nua chun sonraí API agus sonraí PNR a bhailiú agus a tharchur.

1.8. Is eol do CESE nach gcumhdófar gach paisinéir a thrasnóidh teorainneacha seachtracha an Aontais faoi raon feidhme na dtograí le haghaidh Rialacháin. Mar sin féin, i dtaca le prionsabal na comhréireachta agus cineál sonrach an aeriompair, is amhlaidh atá údar leis na tograí a theorannú don aerthaisteal amháin ag an tráth seo. Nuair a dhéanfar measúnú tionchair *ex post* ar na Rialacháin, is inmholta don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá lena raon feidhme a leathnú d'fhonn modhanna eile iompair a chur san áireamh, go háirithe an muiriompar.

1.9. Ina theannta sin, tuigeann CESE gur ábhar imní é cur i bhfeidhm na bhforálacha a leagtar amach sna tograí. Molann sé go dtabharfaí soiléiriú breise ar na noirm a bhaineann le pionóis a ghearrtar ar oibreoirí príobháideacha i dtionscal na heitlíochta. Agus é á chur san áireamh nach bhféadfaí, le fírinne, sonraí API atá go hiomlán cruinn a áirithiú, b'inmholta freisin machnamh a dhéanamh ar "tairseach lamháltais" ar leibhéal an Aontais i ndáil le hearráidí arna ndéanamh agus na sonraí á mbailiú agus á dtarchur. B'inmholta a shoiléiriú freisin go ngearrtar pionóis ar iompróirí neamh-chomhoibríocha agus orthu sin amháin nó nach ngearrtar pionóis in aon chor ach i gcás neamhchomhlíonadh an íosleibhéil cáilíochta is inghlactha ó thaobh shonraí API de (mar a shainítear ar leibhéal an Aontais).

2. **Réamhrá**

2.1. Dírítear sa tuairim seo go mór mór ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailiú agus a aistriú chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú ("an chéad togra le haghaidh Rialacháin") ([4]). Anuas air sin, tugtar sracshúil i mír 7 thíos ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ("an dara togra le haghaidh Rialacháin") ([5]). Baineann an dara togra sin leis na hathruithe atá beartaithe ar shonraí API.

2.2. Baineann na tograí le haghaidh Rialacháin leis an aeriompar agus leis sin amháin; ní phléitear na cineálacha eile iompair iontu, amhail an muiriompar agus an t-iompar de thalamh. Baineann na tograí le cairteitiltí agus le heitiltí gnó araon.

2.3. Aisghairfear Treoir reatha API de bhun na Rialachán dá bhforáiltear sna tograí. Nuair a ghlacfar na Rialacháin, beidh siad mar chuid de *acquis* Schengen.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Toisc méadú a bheith tagtha ar an éileamh ar aerthaisteal, tuigeann CESE nach éifeachtach a ndóthain na córais seirbhísí atá ann faoi láthair do phaisinéirí agus nach mór iad a fheabhsú, go háirithe chun sreabhadh rianúil paisinéirí a áirithiú. Thuairiscigh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta in 2019 gur thaistil 4,5 billiún paisinéir d'aer ar sheirbhísí sceidealaithe, agus go dtagann níos mó ná leathbhilliún paisinéir isteach san Aontas Eorpach nó amach as gach bliain. Gan bhail gan buíochas do phaindéim COVID-19 agus d'fhogha na Rúise faoin Úcráin, níl athrú tagtha ar an scéal

([4]) COM(2022) 729 final.
([5]) COM(2022) 731 final.

sin, rud a fhágann go gcaithfear teacht ar réitigh nuálacha chun dlús a chur leis an bpróiseas maidir le rialú teorann agus an próiseas sin a fheabhsú. D'ainneoin gur thit an córas aeriompair as a chéile idir 2020 agus 2021 mar gheall ar phaindéim COVID-19, tá an t-aerthaisteal i mbun téarnaimh.

3.2. Ar an taobh eile de sin, dá éifeachtúla iad na seiceálacha agus dá thapa í an tseirbhís i dtaca le haerphaisinéirí, is eol do CESE go dteastaíonn ionstraimí éifeachtacha chun cur i gcoinne fheiniméan na himirce neamhdhleathaí agus chun teorainneacha an Aontais a dhaingniú chomh maith.

3.3. Dar le CESE, d'fhéadfadh buntáistí suntasacha a bheith ag baint le córais uathoibrithe bailithe sonraí a úsáid, lena n-áirítear méadú ar éifeachtúlacht, forbairt theicneolaíoch, cáilíocht fheabhsaithe, agus bailiú sonraí ar bhonn níos tapúla.

3.4. Dála gach teicneolaíochta nuálaí, bíonn rioscaí agus dúshláin chasta ann ó thaobh cúrsaí beartais de agus uathoibriú á dhéanamh ar bhailiú agus aistriú sonraí, i réimsí amhail an tslándáil, an tsábháilteacht, agus an faireachán, agus a mhéid a bhaineann le cúrsaí socheacnamaíocha, eitice agus príobháideachais, iontaofachta, agus tuilleadh nach iad.

3.5. Is tacar faisnéise aitheantais iad sonraí API maidir le paisinéirí atá ina ndoiciméid taistil in éineacht le faisnéis eitilte a bhailítear ag an tseiceáil isteach agus a aistrítear ansin chuig údaráis teorann na tíre cinn scríbe. Áirítear ar fhaisnéis API sonraí beathaisnéiseacha na bpaisinéirí, a ghabhtar más féidir sin ón gCrios Meaisín-Inléite dá ndhoiciméid taistil, i dteannta roinnt eolais a bhaineann lena n-eitilt.

3.6. Leis an gcóras atá ann chun sonraí API a bhailiú agus a aistriú, bítear ag brath air go n-aistrítear na sonraí chuig na húdaráis inniúla roimh theacht eitilte le go bhféadfaidh na húdaráis sin scagadh a dhéanamh roimh ré, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, ar phaisinéirí i gcoinne próifílí riosca, liostaí faire agus bunachair sonraí.

3.7. Tá a fhios ag CESE go bhforchuirtear oibleagáid de bhun Threoir reatha API ar aeriompróirí sonraí API a aistriú, arna iarraidh sin orthu, chuig údaráis teorann na tíre cinn scríbe sula n-éirí an eitilt de thalamh. Ní fhorchuirtear léi, áfach, oibleagáid ar na Ballstáit sonraí API a iarraidh ar aeriompróirí. Fágann sé sin go mbíonn neamhréireachtaí idir na húdaráis ó Bhallstát go Ballstát, mar shampla bíonn sonraí API á lorg ag roinnt díobh agus ní bhíonn ag roinnt eile. De réir an mheabhráin míniúcháin (a ghabhann leis an gcéad togra le haghaidh Rialacháin), meastar go mbailítear sonraí API ar 65 % d'eitiltí isteach, rud a fhágann go mbíonn sé éasca i ndáiríre dul taobh thall den rialú agus de na seiceálacha. Thairis sin ar fad, faoi mar a tugadh chun léire sa mheastóireacht ([6]) a rinne an Coimisiún ar Threoir API, fiú sa chás ina n-iarrann Ballstát sonraí API, ní hionann i gcónaí ó Bhallstát go Ballstát an chaoi a n-úsáideann na húdaráis náisiúnta na sonraí sin.

3.8. Tá CESE ar an eolas faoi laigí an chórais reatha, córas a bunaíodh faoin Treoir. Mar a léiríodh sa mheastóireacht, is lú na buntáistí a bhaineann le próiseáil shonraí API i ngeall ar a laghad caighdeánaithe agus comhchuibhithe atá ann, rud a fhágann go bhfuil ualach ar na páirtithe leasmhara agus go bhfuil leibhéal áirithe éiginnteachta dlíthiúla ann.

3.9. Feictear do CESE chomh maith go bhféadfadh úsáid córas uathoibrithe bailithe sonraí milleadh faoi sheasamh fostaithe i dtionscal na heitlíochta. Mar sin, creideann CESE gur gá oiliúint a eagrú le haghaidh na bhfostaithe sin, rud ba chuidiú seans le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar chur chun feidhme na Rialachán dá bhforáiltear sna tograí.

3.10. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE, áfach, nár cheart go mbeadh tionchar diúltach ag an gcéad togra le haghaidh Rialacháin ar leibhéal na fostaíochta ná ar staid na bhfostaithe. An t-aon rud amháin is dócha a bheadh de thoradh air ná méadú ar éifeachtúlacht agus ar iontaofacht an bhailithe sonraí agus na modhanna aistrithe, a chuirtear chun feidhme cheana féin agus úsáid á baint as nósanna imeachta uathoibrithe.

4. **Tábhacht an chéad togra le haghaidh Rialacháin: rialú teorann a éascú agus a fheabhsú**

4.1. Agus iarrachtaí á ndéanamh Treoir reatha API a chur i bhfeidhm agus meastóireacht a dhéanamh uirthi, tugadh faoi deara go bhfuil an iliomad easnamh sa chóras reatha, lena n-áirítear a neamhéifeachtúla atá an córas, na costais arda a ghabhann leis, agus na deacrachtaí foirmiúla agus riaracháin d'iompróirí. Lena chois sin, tá roinnt de na forálacha sa Treoir doiléir agus fágann siad go bhfuil amhras ann maidir lena léirmhíniú agus neamhréireachtaí maidir lena gcur i bhfeidhm sna Ballstáit, mar aon le neamhréireachtaí idir an Treoir agus forálacha eile de dhlí an Aontais.

([6]) An Coimisiún Eorpach, Doiciméad Inmheánach Oibre, *Evaluation of the Council Directive 2004/82/EC on the obligation of carriers to communicate passenger data (API Directive)*, [Meastóireacht ar Threoir 2004/82/CE ón gComhairle maidir leis an oibleagáid atá ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (Treoir API)], an Bhruiséil, 8.9.2020, SWD(2020)174 final.

4.2. Seo a leanas príomheasnaimh na Treorach reatha:

— sa lá atá inniu ann, tá sé d'oibleagáid ar aeriompróirí córais náisiúnta na mBallstát éagsúil maidir le haistriú shonraí API a thuiscint agus oiriúnú dóibh;

— faoi láthair, i roinnt cásanna, tá sé d'oibleagáid ar iompróirí na sonraí céanna a sheoladh chuig údaráis éagsúla;

— mar atá cúrsaí faoi láthair, tá difríochtaí freisin ar fud na mBallstát maidir le líon agus cineál na n-eilimintí sonraí a theastaíonn ó na húdaráis fhreagracha;

— tá liosta neamh-uileghabhálach d'eilimintí sonraí in Airteagal 3(2) den Treoir, liosta nach bhfuil i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta;

— de bhun Airteagal 6(1) den Treoir chéanna, is ceadmhach sonraí a aistriú go leictreonach nó, i gcás teipe, trí aon mhodh iomchuí eile. Fágann sé sin nach bhfuil aon sainordú ann i ndáil le prótacal ná formáid shonrach cur teachtaireachtaí. Ní hamháin go gcuireann sé sin ualach breise ar iompróirí, i.e. go mbíonn orthu cloí leis na formáidí éagsúla a éilíonn na húdaráis fhreagracha chun sonraí a tharchur, ach bíonn tionchar ag an méid sin freisin ar a úsáidí atá sonraí API ós rud é go gcuirtear isteach ar a dtráthúlacht agus ar a gcáilíocht;

— maidir leis na nósanna imeachta oibríochtúla chun sonraí API a ghabháil, a tharchur, a phróiseáil agus a anailísiú, tá éagsúlachtaí sna nósanna imeachta sin idir na Ballstáit ó thaobh a modhanna, a n-uainithe, agus a bhformáide de, agus a mhéid a bhaineann lena mhinice a dhéanann siad an tarchur sin;

— ní leagtar síos coimircí mionsonraithe sa Treoir féin le haghaidh sonraí pearsanta a chosaint, cé is moite d'Airteagal 6(1) lena bhforáiltear nach mór do na húdaráis, chun críoch rialaithe teorann agus imirce, sonraí API a scriosadh laistigh de 24 uair an chloig tar éis an tarchuir. Áirítear tuilleadh sonraí maidir le cosaint sonraí i bhforálacha comhchosúla i ngníomhartha dlíthiúla eile, áfach, amhail an Rialachán lena mbunaítear an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES, Caibidil VII, Airteagail 51-59), an Rialachán lena mbunaítear an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS, Caibidil XII, cosaint sonraí, Airteagail 59-70), agus an Treoir maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR, Airteagail 12 agus 13).

4.3. Argóint thábhachtach ar son ghlacadh an chéad togra le haghaidh Rialacháin is ea go bhfaightear locht ar Threoir reatha API óir ní chomhlíontar léi na caighdeáin reatha maidir le cosanta sonraí. Ar an gcéad dul síos, is féidir amhras a chaitheamh ar an Treoir sin i ngeall ar an méid seo a leanas:

— ní liosta uileghabhálach é an liosta de shonraí API atá ag teastáil ó aeriompróirí, rud atá i gcoinne an phrionsabail maidir le híoslaghdú sonraí;

— ní léir an fáth a mbailítear sonraí API, a mhéid a bhaineann le rialú teorann agus/nó forfheidhmiú an dlí;

— ó thaobh ceanglais maidir le rialú teorann de, tá an t-am coinneála 24 uair an chloig le haghaidh sonraí róghairid agus níl sé praiticiúil;

— ní shainítear na rialacha maidir le coinneáil sonraí ná a n-úsáid iardain go leormhaith agus níl siad soiléir.

4.4. Chun cur i gcoinne na n-easnamh a sainaithníodh, foráiltear leis an gcéad togra le haghaidh Rialacháin go mbunófar ródaire lárnach API d'fhonn seiceálacha réamh-eitilte ag na teorainneacha seachtracha ábhartha a fheabhsú trí bhíthin sonraí API ardcháilíochta agus iomlána, agus freisin d'fhonn sreabhadh rianúil taistealaithe a áirithiú.

5. **Raon feidhme agus ábhar an chéad togra le haghaidh Rialacháin**

5.1. I bhfianaise na dtorthaí thuasluaite, is é barúil CESE, dá dtabharfaí isteach córas comhionann ar leibhéal an Aontais do na Ballstáit uile, go mbeifí in ann cur chuige "ionad ilfhreastail" a fhorbairt, i measc nithe eile. Is éard a bheadh i gceist leis an ionad ilfhreastail sin lárú a dhéanamh ar bhailiú na sonraí uile ó iompróirí agus iad a aistriú chuig na húdaráis ábhartha. Dá mbeadh córas comhionann ann, bheifí in ann cáilíocht na sonraí a fhaightear a fheabhsú mar aon le huathoibriú iomlán a dhéanamh ar an bpróiseas trí chéile, rud a d'fhágfadh go laghdófaí na costais a chuirtear ar na heintitis phoiblí, na hiompróirí, agus na taistealaithe féin.

5.2. Is é sprioc an chéad togra sin le haghaidh Rialacháin na nósanna imeachta maidir le bailiú agus aistriú shonraí API a thabhairt le chéile san aon chóras comhionann amháin agus iad a shimpliú, rud a rachadh chun tairbhe d'údaráis na mBallstát, agus a rachadh chun tairbhe, thar aon ní eile, do thionscal na heitlíochta chomh maith, bíodh go gcuirfí d'oibleagáid ar na húdaráis sin dá bharr sonraí API a bhailiú agus a aistriú i dtaca le gach eitilt isteach san Aontas. Mar sin féin, bheadh tuilleadh deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthachta ann a bhuíochas ar an togra sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh méadú ar chomhlíonadh ó thaobh na n-aeriompróirí de.

5.3. Creideann CESE gurb é an bealach is fearr lena ráthú go mbainfear amach cuspóirí Threoir API an chéad togra le haghaidh Rialacháin a ghlacadh. Na tairbhí ar baineadh amach iad sna tíortha a chuir córais API chun feidhme, is é is dóichí ná nach mbainfí na tairbhí sin amach murach an idirghabháil ón Aontas. A fhad ar a ghiorracht, mar sin, is é an smaoineamh atá taobh thair den chéad togra le haghaidh Rialacháin gur constaic sa bhealach ar éifeachtacht agus ar chomhleanúnachas Threoir API í an easpa comhchuibhithe maidir lena cur chun feidhme.

5.4. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE freisin gur gá leasú a dhéanamh ar an Treoir i bhfianaise an méid ama atá caite ó tháinig sí i bhfeidhm, agus, go háirithe, i bhfianaise na bhforbairtí atá tagtha ar na teicneolaíochtaí faisnéise ó bhí 2004 ann. De réir an chéad togra le haghaidh Rialacháin, bheadh an córas nua go hiomlán comhoiriúnach leis na réitigh atá in úsáid cheana, i.e. Córas Faisnéise Schengen (CFS), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), córas Eurodac, EES, ETIAS, agus an córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (córas ECRIS-TCN).

6. **Éifeachtúlacht na réiteach atá beartaithe**

6.1. Tacaíonn CESE le réitigh a ghlacadh lena gcinnteofar rialú éifeachtach ag teorainneacha seachtracha agus cur chuige comhleanúnach ar fud limistéar Schengen ina iomláine, lena n-áirítear i ndáil leis an bhféidearthacht seiceáil réamh-eitilte a dhéanamh ar thaistealaithe trí shonraí API a úsáid.

6.2. In ainneoin na tacaíochta foriomláine atá ann i ndáil leis an gcéad togra le haghaidh Rialacháin, áfach, is ábhar imní do CESE na rioscaí mí-úsáide a bhaineann le lárú a dhéanamh ar an bpróiseas chun sonraí API a bhailiú agus a aistriú, sonraí pearsanta go háirithe. Tá údar leis an imní sin freisin sa mhéid go bhfuil an ródaire trína dtarchuirfear na sonraí sin fós ag céim na pleanála – tarmligeadh chuig gníomhaireacht eu-LISA an cúram maidir an ródaire sin a dhearadh, a thógáil, a fhorbairt, a bhainistiú agus a chothabháil ón taobh teicniúil de.

6.3. Tuigtear do CESE go mbeadh tionchar ag glacadh an chéad togra le haghaidh Rialacháin ar riachtanais eu-LISA agus riachtanais údaráis teorann inniúla na mBallstát ó thaobh a mbuiséid agus a bhfoirne de. Meastar go n-áireofar ar na costais bhreise sin EUR 45 mhilliún (33 mhilliún faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha) chun an ródaire a chur i bhfearas, EUR 9 milliún in aghaidh na bliana ó 2029 amach le haghaidh bhainistiú teicniúil an ródaire sin, agus tuairim is EUR 27 milliún do na Ballstáit, a d'íocfaí as buiséad an Aontais.

6.4. Is mór ag CESE go sainítear go beacht agus go cuimsitheach in Airteagal 4 (2) agus (3) den chéad togra le haghaidh Rialacháin na sonraí a áirítear i measc shonraí API ar mhaithe le rialú ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú.

6.5. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go gcuirfí ar chumas an Choimisiúin, tríd an gcéad togra le haghaidh Rialacháin, soiléiriú a thabhairt ar an iliomad saincheisteanna mionsonraithe, go háirithe saincheisteanna teicniúla, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe a d'eiseofaí tráth níos faide anonn. Dá bhrí sin, braitheann an measúnú deiridh ar an gcéad togra le haghaidh Rialacháin ar fhorálacha mionsonraithe a d'eiseofaí lá is faide anonn, agus ar cháilíocht na réiteach teicniúil a ghlacfaí freisin.

6.6. Mar thoradh air sin, tá sé d'oibleagáid ar CESE béim a leagan ar na hábhair imní slándála atá ann ó thaobh cosaint sonraí de. Dar le CESE, ní mór smaoineamh ar chosaint éifeachtach sonraí go háirithe i gcomhthéacs chosaint na gceart bunúsach, go mór mór an ceart chun príobháideachais agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear an ceart chun faisnéise maidir le bailiú, stóráil agus próiseáil sonraí pearsanta. Agus an cás sin amhlaidh, tacaíonn CESE go hiomlán le hoibleagáid nua iniúchtaí rialta a dhéanamh ar chosaint sonraí pearsanta. San am céanna, tá sé á mholadh ag an CESE smaoineamh a dhéanamh faoi cibé ar cheart do na húdaráis náisiúnta ábhartha um chosaint sonraí a áirithiú go ndéanfar próiseáil shonraí API ar sonraí pearsanta iad a iniúchadh ar bhonn níos minice ná uair sna ceithre bliana.

6.7. D'fhonn sárfheidhmiú an ródaire a áirithiú, caithfear a áirithiú go rachaidh eu-LISA, na Ballstáit agus na haeriompróirí i gcomhar le chéile. Ina fhianaise sin, céim chun cinn is ea an oibleagáid atá ar eu-LISA oiliúint a chur ar fáil dóibh siúd ar spéis leo úsáid theicniúil an ródaire.

6.8. Agus aird á tabhairt aige ar phrionsabal na comhréireachta agus ar uaschosaint sonraí pearsanta, tacaíonn CESE le sonraí amhail náisiúntacht, inscne, agus dáta breithe a dhíolmhú ón oibleagáid sonraí a sholáthar chun críche staidrimh.

7. **Tábhacht an dara togra le haghaidh Rialacháin: sonraí PNR**

7.1. Feictear do CESE gurb é atá i gceist leis an dara togra le haghaidh Rialacháin modhnú riachtanach agus comhsheasmhach a dhéanamh ar an gcóras maidir le sonraí PNR a bhailiú agus a tharchur, i gcomhréir leis an athchóiriú ar shonraí API.

7.2. Leis sin, dá mbunófaí córas comhionann tríd an dá thogra le haghaidh Rialacháin a ghlacadh ar leibhéal an Aontais agus trí ródaire faoi bhainistiú ag eu-LISA a chruthú, d'fhágfadh sin go dtiocfadh méadú freisin ar chúrsaí slándála trí phróiseas níos éifeachtaí chun taistealaithe ardriosca a shainaithint agus trí phatrúin taistil daoine aonair a bhfuil amhras fúthu a dheimhniú.

8. **Costas na dtograí le haghaidh Rialacháin**

8.1. Is é tátal CESE, dá nglacfaí na tograí le haghaidh Rialacháin, go nginfí costais do bhuiséad an Aontais, speansais do na Ballstáit, agus riachtanais infheistíochta do thionscal na heitlíochta (dar luach tuairim is EUR 75 mhilliún, de réir an mheasúnaithe tionchair). Ar an taobh eile de sin, áfach, is mó na tairbhí a bheadh ann ná na costais, óir chúiteofaí na costais sin a bhuíochas ar chur chuige cuíchóirithe láraithe i dtaobh faisnéis a tharchur chuig na húdaráis náisiúnta inniúla.

8.2. Leis na tograí le haghaidh Rialacháin, laghdófaí na costais oibriúcháin mar aon leis na pionóis a ghearrtar de ghnáth mar gheall ar dhrochshonraí taistil nó ar shonraí taistil a bheith ar iarraidh. Thairis sin, le teacht i bhfeidhm na Rialachán dá bhforáiltear sna tograí, d'fheabhsófaí an faireachas ar thrasnú teorainneacha, d'fheabhsófaí obair seirbhísí aerfoirt agus na n-údarás náisiúnta teorann, agus chuirfí leis an iarracht cúrsaí slándála a fheabhsú agus an imirce neamhdhleathach a mhaolú. Agus an méid sin thuas ar fad á chur san áireamh aige, tá CESE den tuairim go bhfuil údar leis an dá thogra le haghaidh Rialacháin i bhfianaise an mheasúnaithe dhearfaigh costais agus tairbhe, rud atá sonraithe sa mheasúnú tionchair ón gCoimisiún.

9. **Barúlacha sonracha**

9.1. Tá an Coiste ag leagan béim ar a thábhachtaí atá an Chairt don phróiseas chun an dá thogra le haghaidh Rialacháin a chur i bhfeidhm, agus béim ar leith á leagan aige ar ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Ar an ábhar sin, ba cheart cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus comhthéacs na gcásanna atá ar feitheamh faoi láthair a chur san áireamh.

9.2. Tá tábhacht ar leith le cásdlí CBAE i dtaobh na rialacha nua maidir le sonraí PNR a bhailiú agus a aistriú mar chuid den chreat institiúideach atá beartaithe, go háirithe an rialú i gcás C-817/19. Tá sé á mholadh ag CESE freisin go gcuirfí cásdlí seanbhunaithe CBAE san áireamh sa téarmaíocht a úsáidtear sa dá thogra le haghaidh Rialacháin.

9.3. Mar a luaitear i mír 1.6 thuas, measann CESE go bhfuil údar le raon feidhme na dtograí ag an tráth seo. Nuair a dhéanfar measúnú tionchair *ex post* ar na Rialacháin, áfach, is inmholta don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá lena raon feidhme a leathnú d'fhonn modhanna eile iompair a chur san áireamh, go háirithe an muiriompar. Sa mheasúnú sin, ba cheart a chur san áireamh cineál sonrach gach modha iompair, an t-ualach riaracháin a fhorchuirtear ar iompróirí, agus a éifeachtúla agus a éifeachtaí atá an próiseas lena ndaingnítear teorainneacha an Aontais.

9.4. Mar a luaitear i mír 1.7 thuas, tá sé á mholadh ag CESE go dtabharfaí soiléiriú breise maidir leis na pionóis a ghearrtar ar oibreoirí príobháideacha i dtionscal na heitlíochta, go ndéanfaí machnamh ar "tairseach lamháltais" ar leibhéal an Aontais i ndáil le hearráidí arna ndéanamh agus na sonraí á mbailiú agus á dtarchur, agus nach ngearrfaí pionóis ach amháin faoi choinníollacha áirithe.

9.5. Tá sé á chur in iúl ag CESE gur cheart feachtas leathan faisnéise a sheoladh agus an dá Rialachán ag teacht i bhfeidhm, rud a chabhródh b'fhéidir le haidhmeanna na Rialachán a chur in iúl don phobal agus a d'fhágfadh gur lú an seans go dtiocfadh cúinsí nach raibh súil leo chun cinn agus na forálacha nua á gcur chun feidhme.

An Bhruiséil, an 27 Aibreán 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE